C/2026/3482

30.6.2026

Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir leis an sásra coimirce faoi Rialachán (AE) 2026/1455 maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá

(C/2026/3482)

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé do Pharlaimint na hEorpa súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann leis an sásra coimirce lena gceadaítear fabhair arna ndeonú do na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí. Chuige sin, má mholann Parlaimint na hEorpa don Choimisiún imscrúdú coimirce a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún measúnú cúramach i dtaobh an bhfuil údar maith le himscrúdú a thionscnamh ex officio de bharr na n-imthosca agus cuirfidh sé toradh a mheasúnaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa.